Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6772/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0050(NLE)**

**ECOFIN 238**
**UEM 79**
**FIN 264**
***ECB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 94 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10155/21 INIT; ST 10155/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 94 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 94 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2025
COM(2025) 94 final

2025/0050 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10155/21 INIT; ST 10155/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg**

2025/0050 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10155/21 INIT; ST 10155/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh do Lucsamburg an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 17 Eanáir 2023[3] agus an 23 Meán Fómhair 2024[4].

(2) An 10 Feabhra 2025 rinne an Lucsamburg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Lucsamburg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Lucsamburg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le beart amháin.

(4) Mhínigh an Lucsamburg go ndearnadh beart amháin a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt a bhaint amach agus uaillmhian bhunaidh an bhirt a choinneáil ar bun an tráth céanna. Baineann sé sin le garsprioc LU-C[1B]-R[R2]-M[1B.-.3] faoi bheart

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
2 10155/21 INT; ST 10155/21 ADD 1.
3 ST 16022/22 INIT.
4 ST 12569/24 INIT; ST 12569/24 ADD 1.

LU-C[1B]-R[R2] faoi chomhpháirt LU-C[1B] agus cuid den tuairisc ar bheart LU-C[1B]-R[R2] faoi chomhpháirt LU-C[1B]. Ar an mbonn sin, d'iarr Lucsamburg go scriosfaí garsprioc idirmheánach nós imeachta i.e. treochlár a fhoilsiú roimh theacht i bhfeidhm dhá dhlí, arb iad na chéad gharspriocanna eile de chuid an bhirt seo iad. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

(5) Measann an Coimisiún go dtugann na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Lucsamburg údar leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear d'aon bheart amháin faoi aon chomhpháirt amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach léiríonn ábhar an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus Lucsamburg. Go háirithe, tagraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta go hearráideach don chatagóir 'cúntóirí cúraim' seachas 'cúntóirí altranais'. Baineann an earráid chléireachais sin leis an tuairisc ar bheart LU-C[1B]-R[R2] faoi chomhpháirt LU-C[1B]. Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do chur chun feidhme an bhirt lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Lucsamburg chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10155/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, ba cheart iad a leagan amach, iad sin agus na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(10) Is é EUR 241 100 776 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Lucsamburg. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais

nuashonraithe atá ar fáil do Lucsamburg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Lucsamburg, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 241 100 776. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil do Lucsamburg.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 10155/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg, leasaítear é mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe Lucsamburg a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gCinneadh seo:

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg.

---

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*